

## **Polasaí Obair Bhaile Scoil Lorcáin**

### **Tugaimid obair bhaile**

Chun treisiú leis an méid a fhoghlamaíonn an páiste i rith an lae

Chun ceangal a chothú idir an múinteoir agus an tuismitheoir

Chun cumas oibre an pháiste a fhorbairt

Ba cheart go mbeadh an páiste in ann an obair bhaile a dhéanamh. Ullmhaítear sa rang é de ghnáth. Ach, uaireanta, sna ranganna sinsireacha tabharfaidh obair bhaile dúshlán don pháiste agus seans dóibh a gcruthaitheacht féin a fhorbairt.

Táimid ag súil go ndéanfaidh gach páiste an obair bhaile chomh maith agus is féidir léi/leis.

### **Cathain**

Is gnáth go dtugtar obair bhaile ón Luan go dtí an Déardaoin. Is faoin múinteoir atá sé obair bhaile a thabhairt nó gan é a thabhairt don deireadh seachtaine. D'fhéadfadh múinteoir a bhraith go raibh gá leis mar

Nár deineadh obair bhaile go sásúil i rith na seachtaine

Nach raibh gné eile d'iompar nó d'obair an ranga nó an pháiste sásúil

Mar go bhfuil brú ama ann gné éigin den Churcalam a chríochnú

Mar obair tionscnaimh a dhéanann na daltaí ina n-am féin

D'fhéadfadh múinteoir iarradh ar dhalta obair bhaile nár deineadh nó nár deineadh i gceart a dhéanamh ag am loin ar feadh tréimhse nár mhó ná leath an ama.

Is féidir leis an múinteoir nó leis an bPríomhoide oíche 'saor ó obair bhaile' a thabhairt do pháiste nó don rang ar fad mar luach saothair.

Ní ceart go gcuirfeadh cóisirí, cuairteanna ar chairde ná imeachtaí lasmuigh d'am scoile isteach ar obair bhaile.

### **Cén obair a thugtar**

Ba cheart go mbeadh cothromaíocht san obair bhaile idir obair léitheoireachta, foghlama agus scríofa

Ní gá gurb ionann, mar sin féin, an méid de gach gné a thugtar gach oíche, ach is ceart a thuiscint go bhfuil an tábhacht chéanna leis an léamh agus leis an bhfoghlaim is atá leis an scríobh.

Tabharfar léitheoireacht, litriú, táblaí, obair scríofa, foghlaim de ghlan mheabhair, dathú, bailiú eolais agus críochnú obair a tosaíodh sa rang.

Braithfidh roinnt páistí nach fíor-obair bhaile foghlaim de ghlanmheabhair ná léitheoireacht.

Tá sé tábhachtach go léireodh tuismitheoirí suim sna gnéithe seo chun a chinntiú go ndéantar i gceart iad.

### **Cé mhéad ama**

Tugtar na hamanna thíos mar threoir. Tógfaidh an obair chéanna níos mó ama ar pháiste amháin ná ar pháiste eile. Ní thabharfar an méid céanna gach lá, ach an oiread. Tá caighdeán na hoibre níos tábhachtaí ná an méid.

Naíonáin                    10-20 nóiméad

Rang 1-2                    30 nóiméad

Rang 3-4                    45 nóiméad

Rang 5-6                    45 – 90 nóiméad

Munar féidir leis an bpáiste an obair bhaile a chríochnú in am réasúnta go rialta ba cheart roinnt de gach ábhar a dhéanamh, stopadh nuair a bhíonn go leor ama caite agus an scéal a mhíniú don mhúinteoir. Is fiú a mheabhrú go dtógann sé tamall ar dhaltáí i Rang 1 dul i dtaithe ar léim mhór ó obair bhaile na Naíonán ag tús nab liana agus go bhféadfaidís an treoir ama a shárú ar feadh tamaill.

### **Cé mhéad cabhrach is ceart do thuismitheoirí a thabhairt?**

Ba cheart am agus áit oiriúnach a chur ar fáil do do pháiste chun obair bhaile a dhéanamh agus a chinntiú nach mbeidh teilifís ná daoine eile ag cur isteach uirthi/air.

Ba cheart do pháistí obair scríofa a dhéanamh iad féin ach amháin nuair atá fadhb acu.

Ba cheart cabhrú leis an bpáiste leis an bhfadhb le míniú breise agus samplaí eile. Ní ceart an obair bhaile féin a dhéanamh ach is gá a chinntiú go bhfuil caighdeán sásúil bainte amach ó thaobh cruinnis agus néatachta. Is féidir nóta a chur chuig an múinteoir ag míniú fhadhb an pháiste.

### **Léitheoireacht-le-chéile**

Ní hobair bhaile mar a thuigtear é Léitheoireacht-le-chéile. Is gníomhaíocht thaitneamhach don pháiste agus don thuismitheoir é. Muna bhfuil sé taitneamhach ní ceart leanacht ar aghaidh léi.

### **Cad a dhéanann an tuismitheoir?**

Bíonn Dialann Obair Bhaile ag gach dalta ó Rang 1-6. Seiceáil agus sínigh an Dialann Obair Bhaile gach oíche. Coimeádfaidh sé tú ar an eolas faoi obair bhaile do pháiste agus is bealach tábhachtach cumarsáide idir tú féin agus an múinteoir í.

Is féidir nótaí chuig an múinteoir a scríobh sa Dialann (ach ba cheart nótaí maidir le hasláthaireachas a scríobh ar leathanach ar leith ionas gur féidir leis an múinteoir iad a choimeád don taifead).

Déan cinnte go bhfuil do pháiste ag scríobh an obair bhaile sa Dialann agus ag cur tic le gach píosa nuair atá sé déanta.

Cuirtear an Nuachtlitir mhíosúil agus nótaí eile ón scoil isteach sa Dialann sa tseachtain reatha. Seiceáil an Dialann do na nótaí seo ach seiceáil an mála scoile go rialta go maith ar eagla na heagla.

### **Cad a dhéanann na múinteoirí**

Ba mhaith le múinteoirí obair bhaile a sheiceáil gach lá. Ní féidir seo a dhéanamh leis an líon daltaí sna ranganna agus an brú oibre atá orainn.

Dé réir mar a théann na páistí in aois is mó obair neamhspleách is féidir leo a dhéanamh.

Seiceálann an múinteoir nithe áirithe gach dara lá nó uair sa tseachtain.

Ceartóidh na daltaí iad féin roinnt mhaith den obair bhaile faoi stiúir an mhúinteora.

### **Cén uair is gá teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir?**

Nuair a chuir toiscaí eigin sa bhaile cosc ar obair bhaile a bheith déanta

Nuair nach dtuigeann do pháiste gné éigin den obair bhaile tar éis duit iarracht a dhéanamh é a mhíniú

Má tá an iomarca ama á chaitheamh ag do pháiste ar an obair bhaile

Cuimhnigh go mbíonn cruinnithe thuismitheoirí/múinteoirí Rang 2-6 Deireadh

Fómhair/Samhain agus N. Shóis – Rang 1 Feabhra agus gur seans é seo nithe a phlé leis an múinteoir

### **Cathain is ceart obair bhaile a dhéanamh**

Ní hionann aon dá chlann ach ba cheart an obair bhaile a dhéanamh, más féidir,

Sula mbreathnaítear ar aon teilifís

Go luath tar éis am scoile nuair nach bhfuil tuirse ar an bpáiste, ach gur maith, b'fhéidir, briseadh beag amuigh faoin aer a thabhairt di/dó roimh ré

Ní ceart é a fhágaint go dtí déanach istoíche ná an mhaidin roimh teacht tar scoil.

Meán Fómhair 2006

# Homework Policy – Scoil Lorcaín

## Why give homework?

- To re-enforce what the child learns during the day.
- To provide a link between teacher and parent
- To develop a child's concentration skills and develop a work ethic

Homework is meant to be achievable by a child, i.e. it provides an opportunity to practice work already done. It is normally prepared by the teacher in class. However, sometimes with senior classes, some homework is designed to challenge children's ability and provide opportunities for creativity. Children are expected to do their homework to the best of their individual ability.

## How often is homework given?

Homework is given on Monday to Thursday usually. Homework may be given on Fridays if homework has been neglected during the week, if child's or class's work or behaviour wasn't satisfactory or if there is pressure to finish elements of the Curriculum.

In senior classes some project work is undertaken at weekends

Sometimes at the discretion of the class teacher or the principal, children are given "homework off" as a treat or as acknowledgment of some special occasion.

A teacher may ask a pupil to complete unfinished or unacceptable homework at lunchtime for a maximum of half the time.

Parties, visits to friends and other such events shouldn't prevent homework being done.

## What is the content of homework?

Ideally homework will contain a balance between reading tasks, learning tasks and written tasks. This balance is not always possible and can vary considerably from day to day.

However, it should be noted that homework time devoted to reading and learning is as important as written work.

Homework will regularly contain reading, spellings, tables, written work, pieces to be "learned by heart", drawing/colouring, collecting information/items and finishing work started in class.

Children often feel that reading and "learning by heart" is not real homework. Parents can play an important role in listening to reading and items to be learned ensuring this work is done well.

## How much (time) homework?

The following are guidelines for time spent at homework. Different children will complete the same homework in different lengths of time. Time spent will vary from day to day and also from the beginning to the end of the school year. It is important to remember that it is the quality and not the quantity of homework that matters. The following are general guidelines only:

Infants	10 to 20 minutes
Rang 1-2	30 minutes
Rang 3-4	45 minutes
Rang 5-6	45 – 90 minutes

If the child is unable to finish the homework regularly in a reasonable time then a bit of each subject should be attempted. The child can stop after a reasonable amount of time and this should be explained to the teacher. First class parents should appreciate that it may take their children some time to adjust to the homework expected of their children from First Class on and that it may initially take more time for their children to complete it.

### **How much help should parents give?**

Parents should try to help their children with homework by providing them with a suitable place and time to do their homework and by preventing interruptions or distractions, like T.V. or other children

Children should do written homework themselves and parents should only help when the child has difficulty

If a child has difficulty with homework, the parents should help the child to overcome the difficulty with further explanation or examples, but not by actually doing the homework for the child. In this case the parent should write a note to the teacher explaining the problem.

Shared reading is not homework in the regular sense. It is simply meant to be an enjoyable exercise between parent and child. If it's not enjoyable, shared reading should not be continued.

### **How often should parents monitor homework?**

Parents should check and sign a child's Dialann Obair Bhaile every evening.

The Dialann Obair Bhaile is an important record of the child's homework. It is also a valuable means of communication between parents and teachers.

Ideally, written messages to your child's teacher should be put in the homework journal except for notes explaining absences which the teacher must retain for our records.

Please check that your child records its homework neatly in the correct page and ticks each item of homework when completed.

Our Nuachtlitir and other letters to parents are folded and placed in the current day of the Dialann Obair Bhaile for Rang 1-6. Please check your child's journal for such notes on a regular basis but check the schoolbag as well, just in case.

### **How often do teachers monitor homework?**

Ideally teachers like to check homework on a daily basis. However with class numbers it is not always possible to check each child's homework journal every day. As children get older and learn to work independently, some items of homework are checked less often e.g. every second day or once per week. Some items of homework (and classwork) may be checked by children themselves under the direction of the teacher. This can be a useful part of the learning process for children.

### **When should parents communicate with the teachers about homework?**

When your child cannot do homework due to family circumstances

When your child cannot do homework because she/he cannot understand some aspect after you have tried to explain it.

If the time being spent at homework is often longer than the recommended amount of time. Remember we have Parents/Teacher meetings for Rang 2-6 in October/November and for Naíonáin – Rang 1 in February.

### **When should homework be done?**

Each family situation is different. Ideally, homework should be done before any television is watched soon after school while your child is still fresh, however, some child need a break before starting homework. Homework should never be left until late at night nor morning time before school

September 2006

**Remember**

**If homework is a stressful experience between parent and child, something is wrong! This leads to poor learning and defeats the whole purpose. Should this happen on a regular basis, please contact the class teacher.**